Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6468/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0002(NLE)**

**SCH-EVAL 34**
**SIRIS 15**
**COMIX 80**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Feabhra 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5952/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne **an Íoslainn** ar *acquis* Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Íoslainn ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Íoslainn ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen i leith na hÍoslainne ón 26 Meitheamh go dtí an 1 Iúil 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 180 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) An fheidhmiúlacht ‘amas te’ le haghaidh foirmeacha isteach agus an fheidhmiúlacht i gcóras sreafa oibre SIRENE lena n-éascaítear giniúint na n-iarrataí chun bratach a chur le rud agus lena n-éascaítear an fhéidearthacht a bheith ag úsáideoirí deiridh an fheidhmchláir LÖKE staid na gcásanna atá á láimhseáil acu a leanúint go héasca, mheas an fhoireann ar an láthair gur dea-chleachtais iad na feidhmiúlachtaí sin.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh ag an Íoslainn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Chun úsáid chórasach agus lánfhorbairt Chóras Faisnéise Schengen a áirithiú, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 9, 15, 20, 21 agus 22.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922[1] ón gComhairle ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2022 ann. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart obair leantach agus gníomhaíochtaí faireacháin na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, agus ba cheart tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta a bheith ina thús leis an méid sin.

(6) Laistigh de dhá mhí ó ghlacadh an chinnidh seo, ba cheart don Íoslainn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922, plean gníomhaíochta a bhunú chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

1 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1).

AG MOLADH:

ba cheart don Íoslainn an méid seo a leanas a dhéanamh

**Oifig N.SIS**

1. líon na mball foirne atá fostaithe in Oifig N.SIS a mhéadú chun na cúraimí is gá a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, ar cúraimí iad i ndáil le hoibriú rianúil N.SIS, tacaíocht agus cothabháil bhonneagar N.SIS agus comhtháthú bhonneagar N.SIS sna feidhmchláir náisiúnta, i gcomhréir le forálacha na nAirteagal 7(1) comhthreomhar de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006[1] agus de Chinneadh 2007/533/CGB[2];

**Lárionad sonraí N.SIS**

2. a áirithiú gur leor na bearta maidir le rialú rochtana i bpríomhfhoirgneamh an lárionaid sonraí, chun na caighdeáin is gá a chomhlíonadh i ndáil le hoibriú feidhmchláir chriticiúil um fhorfheidhmiú an dlí;

**Lárionad sonraí cúltaca**

3. cosaint fhisiciúil a sholáthar timpeall an lárionaid sonraí cúltaca agus timpeall a chórais fuaraithe;

4. a áirithiú go mbeidh na feidhmchláir SIS atá sa lárionad sonraí cúltaca réidh lena n-úsáid, sin agus nósanna imeachta oibríochtúla um athshlánú ó thubaiste a bhunú;

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4).

2 Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

**Leanúnachas gnó**

5. an fhaisnéis uile a bhaineann le hoibríochtaí an lárionaid chúltaca, le próiseas an athshlánaithe, le clárú riosca agus le leanúnachas gnó, a chur san áireamh i ndoiciméadacht an phlean slándála;

**Bainistiú rochtain na n-úsáideoirí**

6. fíordheimhniú dhá fhachtóir a bhunú chun rochtain a fháil ar fheidhmchlár SIS;

7. a áirithiú go gcuirfear na stáisiúin oibre ar fad atá tiomnaithe do SIS faoi ghlas go huathoibríoch nuair nach mbíonn siad in úsáid agus a áirithiú gur ar bhealach slán agus ar an mbealach sin amháin a fhéadfaidh na hoibreoirí méaróga USB a úsáid agus an t-idirlíon a rochtain;

**Córas Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg (AFIS) SIS**

8. an fhéidearthacht cuardach a dhéanamh in AFIS SIS a chur i bhfeidhm, go háirithe chun daoine a shainaithint nach féidir a gcéannacht a fhionnadh ar bhealaí eile;

9. méarloirg a cheangal le foláirimh maidir le daoine a chruthaítear in SIS nuair a bheidh siad ar fáil, i gcomhréir leis na hAirteagail 23 chomhthreomhara agus arna léamh i gcomhar le hAirteagail 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus de Chinneadh 2007/533/CGB;

**Nósanna imeachta SIRENE um fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú**

10. an oiliúint is gá a chur ar fáil don fhoireann atá ag obair ag an Lárionad Ceannais agus Rialaithe chun cúraimí SIRENE a dhéanamh go héifeachtúil agus iad ag déanamh ionadaíocht ar fhoireann Oifig SIRENE sa tráthnóna, san oíche agus ar an Domhnach;

11. a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis phóilíneachta doiciméid neamhbhailí a urghabháil nuair a gheofar i seilbh na ndaoine ar ina n-ainm a eisíodh iad, i gcomhréir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagal 39 de Chinneadh 2007/533/CGB;

12. feabhas a chur ar leibhéal an uathoibrithe i bhfeidhmchlár sreafa oibre SIRENE i ndáil le hiarrataí ar fholáirimh a chruthú, a nuashonrú agus a scriosadh, agus i ndáil le faisnéis fhorlíontach a scriosadh;

**Foláirimh SIS a chruthú**

13. an fhéidearthacht a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, tríd an bhfeidhmchlár LÖKE, foláirimh SIS a iontráil maidir le báid, innill bád agus trealamh tionsclaíoch;

**Iarratais ó na Póilíní**

14. an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis an bhfeidhmchlár LÖKE:

- maidir leis na marcóirí rabhaidh a bhaineann le daoine, go dtaispeántar na marcóirí sin sa chéad leathanach i ndiaidh cuardach a dhéanamh;
- gur féidir cuardach a dhéanamh i dtaca le gach catagóir ábhair in SIS agus go n-áirítear leis sin na feidhmiúlachtaí 'cuardach neamhbheacht ar ainm' agus 'cuardach ainm ar bith';
- go ndéantar an fhaisnéis chruinn maidir leis an amas ón liosta a thaispeáint láithreach do na húsáideoirí deiridh;
- go dtaispeántar an beart malartach nuair a fhaightear amas ar fholáireamh maidir le Barántas Gabhála Eorpach (Airteagal 26) ar chuir an Íoslainn bratach leis;

15. a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ar fad atá ar fáil i bhfoláireamh SIS (grianghraif, méarloirg, comhaid dhénártha eile amhail Barántais Ghabhála Eorpacha, naisc agus ailiasanna) sa toradh a ghintear i ndiaidh cuardach a dhéanamh i bhfeidhmchlár LÖKE, i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 9(2) de Chinneadh 2007/533/CGB;

**Feidhmchláir mhóibíleacha**

16. tuilleadh tástála agus feabhsaithe a dhéanamh ar fheidhmchlár móibíleach LÖKE chun a fheidhmiú ceart a áirithiú agus a iontaofacht iomlán a ráthú;

**Iarratais ó Ghardaí Teorann**

17. a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do thaispeáint amais SIS thar amais Interpol san fheidhmchlár um chuardach SIS a úsáidtear sa rialú teorann;

18. feabhas a chur ar thaispeáint na nasc san fheidhmchlár um chuardach SIS a úsáidtear sa rialú teorann;

**Stiúrthóireacht na hInimirce**

19. cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta um méarloirg a chuardach in AFIS SIS agus seiceáil á déanamh ar náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar thearmann nó ar chead cónaithe agus nach féidir iad a shainaithint ar bhealach eile;

20. cosc a chur ar rochtain a bheith ag Oifig na hInimirce ar dheimhnithe clárúcháin feithicle, i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Chinneadh 2007/533/CGB;

**Údarás Iompair na hÍoslainne**

21. na feidhmiúlachtaí a chur chun feidhme san fheidhmchlár EKJA cuardach a dhéanamh i dtaca le foláirimh SIS maidir le huimhirphlátaí, deimhnithe clárúcháin feithicle agus Uimhreacha Aitheantais Feithicle (VIN) sa seanchóras, i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006[1];

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le rochtain ar an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) ag seirbhísí sna Ballstáit atá freagrach as deimhnithe cláraithe feithiclí a eisiúint (IO L 381, 28.12.2006, lch. 1).

22. cosc a chur ar chuardaigh a dhéanamh san fheidhmchlár EKJA i dtaca le foláirimh SIS maidir le seiceálacha discréideacha agus sonracha, i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Chinneadh 2007/533/CGB;

**Oiliúint**

23. breis oiliúna a chur ar fáil do phóilíní, d'imscrúdaitheoirí agus do ghardaí cósta maidir le hábhair a bhaineann le SIS.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*